# Éagsúlacht theangeolaíoch a fhiosrú

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

Tacaíonn an treoir seo le gach teanga a mhúineadh agus tá sé ábhartha do gach toradh foghlama ar fud na dtrí shnáithe.

- **Teanga ó bhéal**
- **Léitheoireacht**
- **Scríbhneoireacht**



## Éagsúlacht teangacha ina hacmhainn

D'fhéadfadh sé go mbeadh cur amach ag páiste ar theangacha eile seachas an Béarla agus an Ghaeilge ar chúiseanna éagsúla. Tá tuismitheoirí agus muintir ag páistí áirithe a dhéanann cumarsáid sna teangacha sin, tá taithí ag cuid acu orthu go céimeanna éagsúla toisc gur chaith siad am i dtíortha eile agus tá cairde agus comharsana ag cuid acu a labhraíonn iad.

Baineann gach páiste tairbhe as eispéiris foghlama a chuireann feasacht ar éagsúlacht teangacha chun cinn.

Is féidir le múinteoirí cabhrú le páistí an réaltacht ilteangach atá thart timpeall orthu a fheiceáil agus iad a spreagadh chun féachaint ar an réaltacht ilteangach sin mar acmhainn luachmhar. Is féidir eispéiris foghlama a chur in oiriúint d'aois na bpáistí, a scileanna teanga agus an éagsúlacht atá le sonrú sa scoil agus sa phobal áitiúil.

> Is cuid de shochaí na hÉireann í an éagsúlacht teangacha agus mar sin tá sí le feiceáil i scoileanna in Éirinn.

## Réimse eispéiris teanga


Bíonn réimse éagsúil eispéiris teanga ag páistí agus téann cúinsí éagsúla i bhfeidhm orthu; níl san imirce ach ceann amháin acu.

> Ní hamháin gur uirlis í teanga a chuireann ar chumas an pháiste cumarsáid agus foghlaim a dhéanamh, ach is cuid lárnach í d'fhéiniúlacht an pháiste.

Tá sé tábhachtach timpeallacht foghlama a sholáthar ina gcothaítear éagsúlacht teangacha agus ina gcuirtear luach ar gach teanga agus gach cumas. Féadfaidh an múinteoir páistí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar an taithí atá acu ar theangacha eile, nach teangacha scoile iad (an Béarla agus an Ghaeilge), a labhairt nó a chloisteáil.

# Éagsúlacht theangeolaíoch a fhiosrú

Áirítear leo sin Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Caintis, chomh maith leis an iliomad teangacha eile a chuimsítear i stór teangacha páistí. Ar an gcúis sin, teastaíonn cur chuige sa scoil uile d'fhonn a chinntiú go gcuireann páistí, teaghlaigh agus pobal na scoile uile luach cothrom ar gach teanga agus go bhfeiceann siad ilteangachas mar ghné shaibhrithe seachas mar easnamh nó mar bhac ar chomhtháthú agus ar ghnóthachtáil.



**Is acmhainn í an éagsúlacht teangacha ar féidir le gach scoil úsáid a bhaint aisti chun na nithe seo a leanas a dhéanamh;**

1. feasacht a chothú ar ilghnéitheacht eispéiris teangeolaíochta na bpáistí
2. tuiscint an pháiste a mhéadú ar an gcaoi a bhfoghlaimímid teangacha agus an chaoi a bhfaighimid taithí orthu
3. deis a thabhairt don pháiste machnamh a dhéanamh ar a inniúlacht teanga féin sa Bhéarla agus sa Ghaeilge
4. cabhrú le páistí nach gcloiseann teangacha eile go rialta a bheith compordach le focail agus fuaim nua agus neamhchoitianta
5. tacú le páistí, nach féidir leo teangacha seachas an Béarla nó an Ghaeilge a labhairt, chun tuiscint níos fearr a fhorbairt ar éagsúlacht teangacha sa phobal
6. a chur ar chumas páistí a labhraíonn teangacha eile na teangacha eile a úsáid sa scoil agus úsáid a bhaint as an acmhainn sin nach n-úsáidtear sách minic
7. bród a chothú sa pháiste as a scileanna teanga, is cuma cé mhéad de theanga atá ar eolas aige, agus ar deireadh thiar meon níos dearfaí i leith foghlaim teanga a chothú i ngach páiste

# Éagsúlacht theangeolaíoch a fhiosrú

## Cur chuige sa scoil uile maidir le feasacht ar éagsúlacht teanga a chur chun cinn

D'fhonn tacú le cur chuige sa scoil uile maidir le taithí theangeolaíoch páistí a úsáid mar acmhainn, féadfaidh scoileanna na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Taispeántais agus lipéid ilteangacha a chruthú sa scoil (sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus i dteangacha eile a bhfuil eolas ag páistí orthu nó ar mhaith leo tuilleadh a fháil amach fúthu)
- Leabhair i dteangacha difriúla a thaispeáint
- Páirt a thabhairt do pháistí i dtaispeántais a dhéanamh ina bhfuil na teangacha a bhfuil eolas acu orthu nó ar mian leo tuilleadh a fháil amach fúthu
- Páistí a spreagadh chun na teangacha atá ar eolas acu a úsáid agus a dtaithí teanga a roinnt lena bpiaraí
- Cead a thabhairt do pháistí a dteangacha a úsáid ar scoil agus le haghaidh obair baile

Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí faoin gcur chuige sa scoil uile maidir le éagsúlacht teanga a cheiliúradh.

## Pleanáil le haghaidh eispéiris foghlama a chuireann le héagsúlacht teangacha

Tá sé tábhachtach na nithe seo a leanas a fháil amach agus tú ag ullmhú d'eispéiris foghlama a dhéanann imscrúdú ar eispéiris teanga páistí

- cé na teangacha seachas an Béarla agus an Ghaeilge atá mar chuid de stór teangacha na bpáistí
- ar fhorbair páistí a labhraíonn teangacha eile seachas an Béarla agus an Ghaeilge scileanna litearthachta sna teangacha sin nó nár fhorbair
- cé mhéad páiste a bhfuil taithí acu ar theanga iasachta a fhoghlaim

  cé na teangacha is mó a labhraítear sa phobal áitiúil.

Féadfaidh múinteoirí eolas a fháil ag tús na bliana ach ceistneoir a thabhairt do thuismitheoirí agus do na daltaí. D'fhéadfadh na páistí féin ceistneoir na bpáistí a leagan amach iad féin agus d'fhéadfaí é a úsáid mar uirlis taighde chun éagsúlacht teangacha sa scoil a iniúchadh.



## Éagsúlacht theangeolaíoch a fhiosrú


### Páistí dátheangacha sa seomra ranga

Ní mór do mhúinteoirí a thuiscint nach mbíonn páistí a bhfuil níos mó ná teanga amháin acu chomh hinniúil céanna i ngach teanga, agus go bhféadfaidh siad scileanna éagsúla agus raon difriúil foclóra a fhorbairt i ngach teanga. Tá sé réasúnach mar sin a bheith ag súil leis go mb'fhéidir nach mbeadh páiste dátheangach a úsáideann an Béarla ar scoil agus teanga eile sa bhaile in ann an raon céanna foclóra a úsáid sa dá theanga. Ní miste a rá go mb'fhéidir nach mbeadh go leor páistí atá líofa i dteanga oidhreachta liteartha sa teanga sin. Tá páistí dátheangacha ann freisin i Scoileanna Gaeilge a labhraíonn, a léann agus a scríobhann Gaeilge ar scoil agus a labhraíonn, a léann agus a scríobhann Béarla sa bhaile den chuid is mó.

### Gníomhaíochtaí praiticiúla don seomra ranga chun feasacht ar éagsúlacht teangacha a chur chun cinn

Seo samplaí de na bealaí ar féidir leis an múinteoir éagsúlacht teangacha a úsáid mar acmhainn sa seomra ranga:

- Páistí a chur i mbun gníomhaíochtaí feasachta teanga nuair a dhéanann siad comparáid agus codarsnacht idir an Béarla, an Ghaeilge agus teangacha eile agus iad ag ainmniú rudaí, ag úsáid teanga teagaisc, ag comhaireamh, etc.
- Cluichí buille faoi thuairim a imirt, iarraidh ar pháiste amháin focal a rá i dteanga ar bith agus iarraidh ar an gcuid eile den rang brí an fhocail a thomhas. Úsáid an deis seo chun fiafraí de gach páiste an bhfuil a fhios acu conas an focal céanna a rá i dteangacha eile.
- Réimse frásaí a úsáidtear go coitianta sa rang a roghnú agus iad a aistriú go teangacha uile an tseomra ranga. Gach mí, is féidir le múinteoir díriú ar cheann de na teangacha agus páistí a spreagadh chun na frásaí sin a úsáid. Áirítear le samplaí de theanga teagaisc glanaimis an seomra nó ceisteanna amhail cén t-am é? nó cuirigí lámh in airde má tá an freagra ar eolas agaibh. Faigh cabhair ó na páistí agus ó thuismitheoirí chun na habairtí a scríobh síos agus chun fuaimniú na n-abairtí a fhoghlaim. Féadfaidh an múinteoir taifeadadh fuaime a dhéanamh ar pháiste nó ar thuismitheoir ag rá na habairte agus an fhuaim a sheinm sa rang chun cabhrú le gach páiste an fuaimniú a fhoghlaim.



# Éagsúlacht theangeolaíoch a fhiosrú

- Iarraidh ar na páistí rudaí a thabhairt leo ón mbaile ar a dtaispeántar níos mó ná teanga amháin nó teanga seachas an Béarla. D'fhéadfaidís leabhair, lipéid bia, pacáistiú, leabhráin treoracha, pictiúir nó cártaí poist a thabhairt isteach nó aon rud is féidir leis an bpáiste a fháil sa bhaile. Is féidir iarraidh ar na páistí cur síos a dhéanamh ar an méid a d'aimsigh siad, na teangacha a thaispeántar, agus brí an chló nó an téacs. Féadfaidh páistí níos sine focail a bhfuil cur amach orthu a chuardach, focail a chuardach i bhfoclóirí, nó focail atá cosúil leis an mBéarla nó an Ghaeilge a chuardach. D'fhéadfaí fócas a chur ar chomhghraif, ar homafóin agus ar fhocail ghaolmhara.

- Tá sé riachtanach scileanna éisteachta a fhorbairt chun teanga a fhoghlaim. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go rachadh an páiste i dtaithí ar fhuaimeanna neamhchoitianta chun feasacht ar éagsúlacht teangacha a fhorbairt. Tugann sé an páiste chuig áit choimhthíoch nuair a éistear leis an raidió nó le taifeadtaí i dteangacha eile. Iarr ar na páistí buille faoi thuairim a thabhairt faoi na teangacha a chloiseann siad, agus pléigh na cúiseanna lena bhfreagraí. Féadfaidh an múinteoir teangacha a bhfuil cur amach ag na páistí orthu agus teangacha nach bhfuil cur amach ag na bpáistí orthu a úsáid. Ar an mbealach sin, úsáidtear teangacha chun feasacht ar éagsúlacht teangacha sa seomra ranga, sa phobal agus sa domhan mór a mhéadú.



# Éagsúlacht theangeolaíoch a fhiosrú

## Obair a dhéanamh ar stór focal

1. Déan liosta focal agus faigh íomhánna a léiríonn na focail. D'fhéadfadh sé go mbeadh focail ábhar-shonracha i gceist nó focail ardmhinicíochta a bhfuil cur amach ag na páistí orthu.

2. Scríobh na focail sin sna teangacha go léir a labhraíonn na páistí sa rang. Mura bhfuil páistí a labhraíonn teangacha iasachta sa rang, is féidir leis an múinteoir díriú ar theanga nó dhó a labhraítear go coitianta sa scoil nó sa phobal áitiúil.

3. Taispeáin pictiúir nó rudaí do na páistí a léiríonn na focail agus iarr orthu iad a ainmniú ina oiread teangacha agus is féidir leo.

4. Greamaigh na híomhánna de leathanach mór páipéir agus lig do na páistí na focail a scríobh síos. Nuair is gá, is féidir leis an múinteoir gníomhú mar scríobhaí.

5. Déan taifeadadh ar fhuaimniú na bhfocal. Is féidir guth páiste a úsáid mar shamhail don rang chun fuaimniú focail i dteangacha éagsúla a chleachtadh.

6. Spreag na páistí chun cosúlachtaí agus difríochtaí idir teangacha a chur in iúl. Cuir béim ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí sa litriú agus sa chomhfhreagairt idir graiféim agus fóinéim.

Is féidir an cur chuige sin a chur i bhfeidhm nó a úsáid ar fud réimsí curaclaim.

## Bain sult as comhráite ilteangacha

Is féidir comhráite a úsáid chun úsáid teangacha éagsúla a spreagadh agus chun cabhrú le páistí foghlaim faoi theangacha a chéile ar bhealach spraíúil. Méadaítear feasacht na bpáistí ar choinbhinsiúin sa teanga ó bhéal agus ar choinbhinsiúin sa teanga scríofa i dteangacha nuair a iarrtar ar pháistí comhrá dátheangach a scríobh. Feabhsaítear scileanna teanga agus feasacht teanga an pháiste nuair a dhéantar plé ar an bhfuaim a bhaineann le teangacha éagsúla agus ar an gcaoi a gcuirtear brí in iúl i dteangacha éagsúla. Féadfaidh rólghlacadh ilteangach tuiscint idirchultúrtha a chothú freisin. Cuireann an rólghlacadh ar chumas an pháiste fuaimeanna nua a thástáil agus taithí a fháil ar theanga dhifriúil a labhairt. Cuireann an t-eispéireas sin ar chumas an pháiste rud éigin nua a fhoghlaim faoi pháiste eile agus tugann sé deis do gach páiste teanga nua a thriail nó teanga a úsáideann sé sa bhaile a thaispeáint.

# Éagsúlacht theangeolaíoch a fhiosrú

1. Taispeáin sampla de chomhrá do na páistí agus taispeáin an rólghlacadh sula dtosaíonn tú.

2. Tabhair téama nó comhthéacs coiteann do na páistí. Mar shampla, d'fhéadfaí iarraidh orthu comhrá sa chlós súgartha nó comhrá idir siopadóir agus custaiméir nó idir beirt charachtar as leabhar atá á léamh acu a shamhlú.

3. Spreag na páistí chun comhrá a chruthú i ngrúpaí beaga de bheirt go ceathrar. Ba cheart go mbeadh ról ag gach páiste sa chomhrá.

4. Iarr ar na páistí oibriú i mbeirteanna ar chomhrá gairid i dteanga ar bith atá ar eolas acu. Is féidir le páistí gothaí a úsáid in ionad teanga labhartha más mian leo. Spreag na páistí le bheith cruthaitheach san úsáid a bhaineann siad as teanga, e.g., teangacha a mheascadh, focail nua a chumadh.

5. Féadfaidh na páistí an comhrá a chleachtadh ina ngrúpaí agus ansin iad a chur i láthair don rang.

6. Má tá na comhráite i dteanga nach dtuigeann an chuid is mó de na páistí sa rang, spreag na 'haisteoirí' chun gothaí agus léiriú aghaidhe a úsáid.

7. Spreag na páistí nach bhfuil eolas acu ar na teangacha a úsáidtear sa chomhrá chun an bhrí a oibriú amach nó a thomhas.

8. Is gníomhaíocht í seo ar a bhféadfaí píosa machnaimh a bhunú ar an gcaoi a mothaíonn sé gníomhú i dteanga dhifriúil agus í a úsáid ar scoil agus ar an gcaoi a mothaíonn sé nuair nach dtuigeann tú teanga freisin.

## Tagairtí

Adger, C., Snow, C. E. and Christian, D. 2018. *What teachers need to know about language.* An Dara hEagrán. Multilingual Matters.

La Morgia, F. 2018. L*anguage Explorers. An activity book to learn about the languages of the world.* Baile Átha Cliath: Mother Tongues.

Paulsrud, B., Rosén, J., Straszer, B. and Wedin, A. 2017. New perspectives on translanguaging in education. Multilingual Matters. Adger, C., Snow, C. E. and Christian, D. 2018. *What teachers need to know about language.* An Dara hEagrán. Multilingual Matters.